Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

12334/22

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0266(NLE)**

POLCOM 112
COASI 145

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 12333/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinní 10-A agus 10-B a ghabhann leis an gComhaontú a leasú<br>- Glacadh |

1. An 9 Meán Fómhair 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh an Chinnidh thuasluaite ón gComhairle (12333/22 + ADD 1).

2. An 23 Meán Fómhair 2022, scrúdaigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) an togra agus d'fhormhuinigh siad é, lena n-áirítear roinnt coigeartuithe riachtanacha.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

   - an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar leagtar amach in 12335/22 agus in 12335/22 ADD 1 é;

- a chinneadh go n-ordófar an Cinneadh ó Choiste Trádála an Aontais Eorpaigh-Phoblacht na Cóiré, mar a leagtar amach in 12335/22 ADD 1 é, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a luaithe a ghlacfar é;

- a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig an bParlaimint; agus

- an ráiteas atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a thabhairt dá haire.